

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁCDL	
	Tagairt: PD - HR - 002	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil –17/11/2025 Dáta an Athbhreithnithe -17/11/2027	
Cur Síos: Beartas Comhdheiseanna agus Comhionannais Ionchuimsithe		Leathanach: 1 de 2

1. Réamhrá

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire tiomanta do thimpeallacht a chruthú a chuireann comhionannas agus dínit chun cinn san obair. Táimid tiomanta do chaitheamh go comhionann le gach fostaí, foghlaimeoir, custaiméir agus teagmhálaí gnó, beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine ná toisc gur ball den lucht siúil iad.

Tá an BOO tiomanta do chomhionannas deiseanna ina chuid beartas, cleachtas agus seirbhísí uile. Bíonn BOOÁCDL ag iarraidh a chinntiú go gcaitear le gach duine le dínit agus le meas, agus déanann sé a dhícheall timpeallacht thacúil a chruthú ina bhféadfaidh gach fostaí agus foghlaimeoir forbairt agus a lánacmhainneacht a bhaint amach, beag beann ar dhifríochtaí, ar thaithí ná ar oideachas.

2. Tiomantas do chomhionannas agus d'éagsúlacht

Déanfaidh BOOÁCDL beartais agus cleachtais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm a chuireann luach ar éagsúlacht, a sholáthraíonn comhionannas deiseanna agus a chinntíonn nach bhfaigheann aon iarrthóir poist, fostaí, foghlaimeoir, custaiméir ná comhpháirtí gnó cóir is lú fabhar ar aon cheann de na naoi bhforas thuasluaite. Cinnteoidimid go léiríonn beartais agus cleachtais eile ár dtiomantas do chaitheamh le daoine go cothrom, agus bealach comhtháite oibre á chur chun cinn agus dínit fostaithe agus foghlaimeoirí á hurramú i gcónaí.

Táthar ag súil go gcuirfidh Bainisteoirí/Príomhoidí ionad oibre comhtháite chun cinn agus go gcuirfidh siad deireadh le haon éagothroime fhéideartha go réamhghníomhach a d'fhéadfadh dul i gcoinne bheartas an BOO.

 Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board	BOOÁCDL	
	Tagairt: PD - HR -XXX	Athbhreithniú: 1
	Formheas an Bhoird/Nótáil – Dáta an Athbhreithnithe -	
Cur Síos: Beartas Comhdheiseanna agus Comhionannais Ionchuimsithe		Leathanach: Leathanach 2 de 2

Léiríonn ár mbeartas earcaíochta ár gcreideamh go bhfuil éagsúlacht i ngach réimse, lena n-áirítear cúlraí cultúrtha, glúine, teanga agus náisiúnta, riachtanach chun cabhrú linn rath a bhaint amach i margaí intíre agus domhanda araon. Ní dhéanfaidh an BOO idirdhealú i gcoinne aon fhostaí ionchasach le linn an phróisis earcaíochta. Déanfar agallaimh go hoibiachtúil, agus déanfar daoine aonair a mheas de réir tuillteanais agus a gcumais an post a dhéanamh. Is é ár mbeartas a chinntiú go ndéantar an oiread cóiríochta agus is féidir chun rannpháirtíocht daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a éascú sa phróiseas earcaíochta agus san ionad oibre.

Déanfar cruinnithe feidhmíochta a reáchtáil agus aiseolas a thabhairt ar mhodh íogair, neamh-idirdhealaitheach. Cuirfidh an BOO na deiseanna céanna forbartha agus oiliúna ar fáil do gach fostaí chun caighdeáin arda feidhmíochta a bhaint amach. Cúitíonn an BOO sármhaitheas, agus tabharfar ardú céime d'fhostaithe ar bhonn fiúntais.

Cuirtear an beartas seo i bhfeidhm i gcomhar le beartais seo a leanas an BOO:

- Cairt maidir le Meas agus Dínit san Ionad Oibre
- Cód Cleachtais maidir le Daoine faoi Mhíchumas a fhostú
- Beartas um Chosc ar Bhulaíocht
- Beartas um Chosc ar Chiapadh/Chiapadh Gnéis
- Cóid Iompair d'Fhostaithe
- Polasaithe Sláinte agus Sábháilteachta
- Polasaí Earcaíochta
- Gnás Casaoide